2024/1338

15.5.2024

RIALACHAN (AE) 2024/1338 ÓN gCOMHAIRLE

an 14 Bealtaine 2024

lena leasaítear Rialachán (AE) 2023/1529 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise thacaíocht mhíleata na hIaráine do chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 215 de,

Ag féachaint do Chinneadh (CBES) 2024/1336 ón gComhairle an 14 Bealtaine 2024 lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2023/1532 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise thacaíocht mhíleata na hIaráine do chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine ([1]) .

Ag féachaint don togra comhpháirteach ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála agus ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 20 Iúil 2023 ghlac an Chomhairle Rialachán (AE) 2023/1529 ([2]).

(2) Tugtar éifeacht le Rialachán (AE) 2023/1529 do bhearta áirithe dá bhforáiltear i gCinneadh (CBES) 2023/1532 ón gComhairle ([3]).

(3) I bhfianaise thromchúis na staide i bhfianaise thacaíocht mhíleata na hIaráine do chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2024/1336 lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2023/1532 an 14 Bealtaine 2024.

(4) Ba cheart Rialachán (AE) 2023/1529 a leasú agus ba cheart bearta reo sócmhainní a fhorchur i gcoinne daoine nádúrtha agus dlítheanacha, eintitis nó comhlachtaí atá freagrach as clár diúracán na hIaráine, a thugann tacaíocht dó nó atá bainteach leis, nó a sholáthraíonn nó a dhíolann diúracáin aerfheithiclí gan fhoireann na hIaráine nó trealaimh ghaolmhara, nó atá bainteach ar shlí eile lena n-aistriú chuig an Rúis, chun tacú lena cogadh foghach i gcoinne na hÚcráine, nó chuig grúpaí armtha agus eintitis armtha a abhaineann an bonn den tsíocháin agus den tslándáil sa Mheánoirthear agus i réigiún na Mara Rua; nó de shárú ar Rún 2216 (2015) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe. Dá bhrí sin, ba cheart teideal Rialachán (AE) 2023/1529 a leasú freisin.

(5) Is iomchuí freisin toirmeasc a chur ar chomhpháirteanna breise a d'fhéadfaí a úsáid i bhforbairt agus i dtáirgeadh aerfheithiclí gan fhoireann a onnmhairiú nó a aistriú chuig an Iaráin nó iad a dhíol leis an Iaráin nó iad a sholáthar don Iaráin.

(6) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (AE) 2023/1529 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Rialachán (AE) 2023/1529 mar a leanas:

(1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an teidil:

'Rialachán (AE) 2023/1529 ón gComhairle an 20 Iúil 2023 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise thacaíocht mhíleata na hIaráine do chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine agus do ghrúpaí armtha agus eintitis sa Mheánoirthear agus i réigiún na Mara Rua'.

(2) in Airteagal 3, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

'1. Na cistí agus na hacmhainní eacnamaíocha uile ar le daoine nádúrtha nó dlítheanacha, eintitis nó comhlachtaí iad, atá faoi úinéireacht, i seilbh nó faoi rialú na ndaoine nádúrtha nó dlítheanacha, na n-eintiteas nó na gcomhlachtaí sin:

(a) atá freagrach as clár UAV nó diúracán na hIaráine, a thugann tacaíocht dó nó atá bainteach leis;

([1]) IO L, 2024/1336, 15.5.2024, ELI: , ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2024/1336/oj.
([2]) Rialachán (AE) 2023/1529 ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise thacaíocht mhíleata na hIaráine do chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine (IO. L 186 25.7.2023, lch. 1).
([3]) Cinneadh (CBES) 2023/1532 ón gComhairle an 20 Iúil 2023 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise thacaíocht mhíleata na hIaráine do chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine(IO L 186, 25.7.2023, lch. 20).

(b) a sholáthraíonn nó a dhíolann UAVanna nó diúracáin na hIaráine nó teicneolaíochtaí gaolmhara, nó atá bainteach ar shlí eile lena n-aistriú:

(i) chuig an Rúis chun tacú lena cogadh foghach i gcoinne na hÚcráine;

(ii) chuig grúpaí armtha agus eintitis armtha a bhfuil dochar á dhéanamh acu don tsíocháin agus don tslándáil sa Mheánoirthear agus i réigiún na Mara Rua;

(iii) chuig daoine nádúrtha nó dlítheanacha, eintitis nó comhlachtaí atá ag gníomhú de shárú ar Rún 2216 (2015) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe; nó

(c) atá bainteach leis na daoine nádúrtha nó dlítheanacha, eintitis nó comhlachtaí dá dtagraítear i bpointe (a) nó pointe (b)

mar a liostaítear in Iarscríbhinn III, déanfar iad a reo.'.

(4) Leasaítear Iarscríbhinn II i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 14 Bealtaine 2024.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

V. VAN PETEGHEM

IARSCRÍBHINN

I Rialachán (AE) 2023/1529, cuirtear an méid seo a leanas in ionad Iarscríbhinn II:

'IARSCRÍBHINN II

Liosta na n-ítimí dá dtagraítear in Airteagal 2

Catagóir 3 – Leictreonaic

Tuairisc	Cód CN
Ciorcaid iomlánaithe, mar a leanas: Eagar Geataí In-Ríomhchláraithe sa Réimse (FPGA), micriríaltáin, micreaphróiseálaithe, próiseálaithe comharthaí, anailíseoirí comharthaí, Tiontairí ó Analógach go Digiteach (ADCanna), rialtóirí voltais, ionchódóirí físeáin agus tiontairí DC-DC.	ex 8542.31 ex 8542.39
Aimplitheoirí agus feistí "Ciorcaid Iomlánaithe Micreathoinne Mhonailiotacha" ("MMICanna")	ex 8542.33 8543.70.02
Scagairí RF nó scagairí Trasnaíochta Leictreamaighnéadaí (EMI), oiriúnach d'aerárthaí	ex 8548.00
Toilleoirí tantalaim	8532.21
Toilleoirí leictrealaíocha alúmanaim	8532.22
Toilleoirí ilsraitheacha tréleictreacha ceirmeacha	8532.24
Ciorcaid iomlánaithe stórála, mar a leanas: 1. Cuimhní inléite amháin in-ríomhchláraithe in-léirscriosta go leictreach (EEPROManna) a bhfuil toilleadh stórála iontu; (a) ar mó é ná 16 Mbit in aghaidh an phacáiste le haghaidh cineálacha flaischuimhne; nó (b) ar mó é ná ceachtar den dá theorainn seo a leanas le haghaidh chineálacha uile eile EEPROM: (i) ar mó é ná 1 Mbit in aghaidh an phacáiste; nó (i) ar mó é ná 256 kbit in aghaidh an phacáiste agus a bhfuil uas-aga rochtana aige ar lú é ná 80 ns; 2. Cuimhní randamrochtana statacha (SRAManna) a bhfuil toilleadh stórála iontu: (a) ar mó é ná 1 Mbit in aghaidh an phacáiste; nó (b) ar mó é ná 256 kbit in aghaidh an phacáiste agus a bhfuil uas-aga rochtana aige ar lú é ná 25 ns;	ex 8542.32
Criostail phísileictreacha shuite	8541.60

Catagóir 6 – Braiteoirí agus léasair

Tuairisc	Cód CN
Ceamaraí le haghaidh aershuirbhéireachta	ex 9006.30
Braiteoirí teirmeacha le haghaidh ceamaraí	ex 8529.90 ex 8542.39 ex 9006.91 ex 9013.80 ex 9025.80 ex 9025 90 ex 9026 80 ex 9026.90 ex 9027.50 ex 9032.10
Ceamaraí oíche	8525.83
Ceamaraí a chomhlíonann critéir Nóta 3 a ghabhann le 6A003.b.4. ([1])	ex 8525.89 ex 9006.30
Raonaimsitheoirí léasair aerbheirthe	ex 9013 20 00 ex 9013 80 00 ex 9013 90 80 ex 9015.10 ex 9015.80 ex 9015 90 ex 9031.80.20 ex 9031.80.80 ex 9031.90.00 ex 9033.00.90
“Cealla príomhúla” nó ceallraí ag a bhfuil dlús fuinnimh 150 Wh/kg nó níos mó ag 293 K (20 °C);	ex 8506

([1]) *Féach* Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/821 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2021 lena mbunaítear córas Aontais chun onnmhairiú, bróicéireacht, cúnamh teicniúil, idirthuras agus aistriú ítimí dé-úsáide a rialú (athmhúnlú) (IO L 206, 11.6.2021, lch. 1).

Catagóir 7 – Loingseoireacht agus eitleonaic

Tuairisc	Cód CN
Córais Loingseoireachta Táimhe, Aonaid um Thomhas Táimhe (IMU), méadair luasghéaraithe nó gíreascóip	ex 9014.20
Aeróga agus frithchaiteoirí aeróige i gcomhair "aerárthaí"	ex 8517.71 ex 8529.10
Trealamh "córas loingseoireachta satailíte", lena n-áirítear aeróga atá oiriúnach chun comharthaí GNSS a ghlacadh	ex 8526.91 ex 8529.90 ex 8526.10 ex 8526.92 ex 8517.71 ex 8529.10
Taifeadáin sonraí eitilte dhigiteacha	8543.70.04
Radair le haghaidh "Aerárthaí gan Foireann" agus comhpháirteanna díobh atá saindeartha. Tabhair faoi deara: Leis an rialú seo áirítear na radair seo a leanas ach níl sé teoranta dóibh; Brath agus Raonáil le Solas (LIDAR), Idircheapadh Aerbheirthe (AI), Rianú Targaidí (TT), Airtléire Frith-Aerthaí (AAA), Aimsiú Targaidí (TA), Luathrabhadh Aerbheirthe (AEW).	ex 8526.10 ex 8529.90
Gléasra cúnta radaloingseoireachta le haghaidh "aerárthaí" agus comhpháirteanna díobh atá saindeartha	ex 8526.91 ex 8529.90
Gléasra, feistis nó meaisíní teileachumarsáide, i gcomhair "aerárthaí"	ex 8517.62 ex 8517.69
Aonaid rialaithe eitilte le haghaidh "Aerárthaí gan Foireann" ("UAVanna")	ex 8537.10 ex 8807.30
Aonaid chianrialaithe le haghaidh "Aerárthaí gan Foireann" ("UAVanna")	ex 8517.61 ex 8526.92 ex 8537.10 ex 8543.70.90 ex 8807.30

Catagóir 9 – Aeraspás agus tiomáint

Tuairisc	Cód CN
"Aerárthaí gan Foireann" ("UAVanna") seachas iad siúd atá deartha chun paisinéirí a iompar	8806.91 8806.92 8806.93 8806.94 8806.99

Tuairisc	Cód CN
Aerinnill ghástuirbín (innill turba-liáin, turba-scairde agus turba-fean) le haghaidh “aerárthaí”, agus comhpháirteanna díobh atá saindeartha	ex 8411.11 ex 8411.12 ex 8411.21 ex 8411.22 ex 8411.91
Innill loiní dócháin inmheánaigh, fhrithingeacha spréachadhainte nó rothlacha le haghaidh “aerárthaí”	8407.10
Páirteanna atá oiriúnach le húsáid le hinnill loiní dócháin inmheánaigh le haghaidh “aerárthaí” amháin nó leis na hinnill sin go príomha	8409.10
Innill loiní dócháin inmheánaigh adhainte comhbhrú le haghaidh “aerárthaí”	ex 8408.90
Seirbheamótar i gcomhair “Aerárthaí gan Foireann” (“UAVanna”)	ex 8501 ex 8807.30
Córais lainseála i gcomhair “UAVanna”	ex 8805.10 ex 8807.30
Trealamh tacaíochta ar talamh i gcomhair “UAVanna”	ex 8807.30

Catagóir 10 – Teicneolaíocht

Teicneolaíocht, atá deartha nó oiriúnaithe go sonrach chun trealamh a liostaítear thuas a thástáil, a fhorbairt nó a tháirgeadh.

SAINMHÍNITHE:

ciallaíonn “Aerárthach” feithicil aerbheirthe ar a bhfuil sciathán dobhogtha, sciathán sclóine, sciathán rothlach (héileacaptar), rótar claonta nó sciathán claonta.

ciallaíonn “Ciorcad Iomlánaithe Micreathoinne Monailiotach” (“MMIC”) ciorcad iomlánaithe monailiotach a oibríonn ar mhinicíochtaí micreathonnacha nó ar mhinicíochtaí toinne milliméadair.

ciallaíonn “Cill phríomhúil” cill nár dearadh lena luchtú trí aon fhoinse eile.

ciallaíonn “Córas loingseoireachta satailíte” córas arb é atá ann stáisiúin talún, buíon satailítí, agus glacadóirí, a fhágann gur féidir suíomh glacadóirí a ríomh ar bhonn comharthaí a fhaightear ó na satailítí. Áirítear leis Córais Dhomhanda Loingseoireachta Satailíte (GNSS) agus Córais Réigiúnacha Loingseoireachta Satailíte (RNSS).

ciallaíonn “Aerárthaí gan Foireann” (“UAV”) aon aerárthach atá in ann tús a chur le heitilt agus eitilt rialaithe agus loingseoireacht a choinneáil ar siúl gan aon fhoireann inti.’